[esbnetworks.ie](esbnetworks.ie)

ESB NETWORKS

# IARRATAS MAIDIR LE GINIÚINT AR AN MIONCHÓIR

## (FOIRM NC8 – LEAGAN **INBHÉARTÓRA**)[1]

Do naisc a bhfuil acmhainneacht giniúna fuinnimh inbhéartóra nasctha suiteáilte idir 50kVA agus 200kVa le haghaidh naisc trí phas.

1 I gcás gineadóirí sioncronacha nasctha, úsáid foirm iarratais NC5. Féach ár láithreán gréasáin https://esbnetworks.ie/ga

Tá an t-eolas a iarrtar ar an bhfoirm iarratais seo ag teastáil ó ESB Networks CGA le go mbeifear in ann an nasc leis an soláthar leictreachais a shocrú agus a bhainistiú. Mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin, tá an t-eolas seo ag teastáil freisin le cur ar chumas ESB Networks CGA an líonra leictreachais a bhainistiú. Is é ESB Networks CGA an rialaitheoir sonraí. Tá ár mbeartas príobháide le fáil ag https://esbnetworks.ie/privacy.

**ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN**

Uimhir fógra: ____________________

Dáta a Fhála: ____________________

Grúpa pleanálaithe: ____________________

Grúpa DUOS: ____________________

Soláthraí: ____________________

**Comhlánaigh gach cuid i mBLOCLITREACHA**

**Ná fág aon chuid bán; Scríobh N/B mura mbaineann cuid áirithe le hábhar.**

### 1. Sonraí an Iarratasóra

Ainm iomlán an iarratasóra (más cuideachta nó comhpháirtíocht atá ann, tabhair ainm iomlán na cuideachta nó an t-ainm trádála iomlán):

Is gá seoladh iomlán an iarratasóra dhlíthiúil a thabhairt (más comhlacht corparáideach atá ann, is gá oifig chláraithe nó príomhoifig an chomhlachta a thabhairt)

Eircode

Uimh. Chláraithe Cuideachta, más infheidhme

Uimhir fóin póca:

Líne talún:

Ríomhphost:

Sonraí teagmhála mar atá thuas. Úsáidfear seoladh cláraithe na cuideachta mar an seoladh comhfhreagrais.

Ainm an teagmhálaí:

### 2. Seoladh an Láithreáin (murab ionann é agus an ceann thuas)

Eircode

### 3. Táille as Iarratas maidir le Gineadóir

Is gá táille iarratais gineadóra a íoc mar chuid den iarratas seo. Is ar an láithreán gréasáin againn www.esbnetworks.ie/ga a gheofar an táille reatha iarratais as "Giniúint ar an Mionchóir". Tugtar na roghanna íocaíochta ar an láithreán gréasáin againn www.esbnetworks.ie/ga/services/payments/make-a-payment.

Iúil 2025 DOC-250822-HNC

## 4. Ainm agus Sonraí Comhfhreagrais an tSuiteálaí[2] / an tSainchomhairleora

Líne thalún: Fón póca:

Ríomhphost:

Uimhir Aitheantais Safe Electric an Chonraitheora Leictreachais Chláraithe:

2 An t-iarratasóir atá freagrach as suiteálaí cláraithe a earcú leis an obair a dhéanamh. Ní ghlacann ESB Networks CGA le haon fhreagracht as sonraí suiteálaithe a sheiceáil. Má dhéanann iarratasóir dearbhú atá bréagach, míthreorach nó míchruinn i dtaca leis an suiteálaí, "cás mainneachtana" a bheidh ansin faoi chomhaontú an naisc

## 5. Sonraí maidir le Giniúint ar an Mionchóir (Leagan Inbhéartóra) Cuir i gceangal an deimhniú (an Tástáil Chineáil chomh maith le sruthanna armónacha agus, i gcás ELS, Dearbhú ELS an Mhonaróra maidir leis an Táirge do ESB Networks). Féach na Coinníollacha lena Rialaítear Nascadh agus Oibriú na Giniúna ar an Mionchóir (DOC-310522-HLU) agus na Coinníollacha lena Rialaítear Nascadh agus Oibriú Scéimeanna Teorannaithe Easpórtála ÍV agus MV (DOC-250221-GBT)

**Tabhair an uimhir MPRN 11 digit:**

**Maidir le naisc atá ann cheana féin, is riachtanach go mbeidh an UTM cláraithe faoi Ainm an Iarratasóra a thugtar i gCuid 1 den fhoirm. Mura bhfuil, déan teagmháil leis an soláthraí leis an ainm a athrú.**

An bhfuil tú ag déanamh iarratais ar (cuir tic sa bhosca cuí)
Giniúint ar an Mionchóir le hEaspórtáil ☐ Giniúint Chomhthreomhar ar an Mionchóir gan Easpórtáil ☐

| | |
|---|---|
| An bhfuil an uasacmhainn iompórtála MIC) á hathrú agat faoi láthair?<br>Má tá, cuir isteach an MIC beartaithe faoin MIC reatha conraithe. | Tá ☐ Níl ☐ |
| Uasacmhainn Iompórtála (MIC) reatha atá conraithe | (kVA) |
| Uasacmhainn Easpórtála (MEC) reatha atá conraithe, más ann | (kVA) |
| An Uasacmhainn Easpórtála Iomlán atá beartaithe | (kVA)[3] |
| Acmhainneacht reatha an inbhéartóra (más ann) | (kVA) |
| Acmhainneacht iomlán an inbhéartóra tar éis na suiteála (TIIC) atá beartaithe | (kVA)[3] |
| Pas an nasctha | 1 phas ☐ 3 phas ☐ |

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil Scéim chun Easpórtáil a Theorannú riachtanach do gach tairiscint ar Ghiniúint Chomhthreomhar nach bhfuil lena heaspórtáil. Déantar gach tairiscint eile a mheas ar an tuiscint go bhfuil Scéim chun Easpórtáil a Theorannú suiteáilte. Mura dteastaíonn Scéim chun Easpórtáil a Theorannú, cuirfear an méid sin in iúl sa Chomhaontú Nasctha. Le tuilleadh eolais a fháil maidir le Clár na dTeicneolaíochtaí Ísealcharbóin, téigh chuig ár láithreán gréasáin www.esbnetworks.ie/about-us/projects/low-carbon-technology-register.

Tagairt do Chlár na dTeicneolaíochtaí Ísealcharbóin agus an Scéim chun Easpórtáil a Theorannú.

I gcásanna áirithe, nuair a dhéanfaimid an t-iarratas a mheas, tá seans ann go ndéanfaimid cinneadh nach ceadmhach na luachanna iomlána TIIC agus/nó MEC arna Iorg a thabhairt sula ndéanfar oibreacha atreisithe breise. Más sin an cás, is é an custaiméir is gá íoc as costais na n-oibreacha sin. I gcásanna áirithe, beidh oibreacha móra i gceist leis na luachanna iomlána iarrtha a bhaint amach agus i gcásanna eile ní bheifear in ann iad a bhaint amach. Sa dóigh is go mbeimid in ann d'iarratas a phróiseáil a éifeachtaí agus is féidir, roghnaigh ceann acu seo a leanas de réir mar is rogha leat féin:

| | |
|---|---|
| **Rogha 1:** Comhaontú Nasctha a fháil agus an luach TIIC is cóngaraí don luach a iarradh ann, agus an MEC is mó lena mbaineann atá ar fáil ann, gan aon oibreacha atreisithe breise ag teastáil. | Tá ☐ Níl ☐ |
| **Rogha 2:** Mura bhfuil na luachanna TIIC ná MEC a iarradh i Rogha 1 ar fáil, lorgaíonn an custaiméir meastachán do na hoibreacha atreisithe a bheidh i gceist (Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeidh moilleanna, agus b'fhéidir táillí breise, i gceist le hiarratais ina dhiaidh sin ar mheastacháin leasaithe). | Tá ☐ Níl ☐ |

3 Is gá a chuimhneamh go bhfuil seans ann nach mbeidh fáil ar an kVA beartaithe i gcuid 5 gan obair atreisithe a dhéanamh agus tá sé sin ag brath ar chinneadh an chustaiméara i dtaca le gach costas mar sin a íoc mar atá leagtha amach i ráiteas 1 agus ráiteas 2 i gcuid 5

## 6. Sonraí maidir le Giniúint ar an Mionchóir (Leagan Inbhéartóra) (Ba chóir an tástáil chineáil, chomh maith le sonraí armónacha, a chur i gceangal)

Tabhair sonraí faoi aon ghineadóirí atá ann faoi láthair, má tá sé beartaithe iad a choinneáil.

| | An Ghiniúint nua atá beartaithe: | | |
|---|---|---|---|
| | **Aonad 1** | **Aonad 2** | **Aonad 3** |
| Aon Phas / Trí Phas | 1 Phas ☐ 3 Phas ☐ | 1 Phas ☐ 3 Phas ☐ | 1 Phas ☐ 3 Phas ☐ |
| Foinse Fuinnimh: (Gaoth (G) / FV (F) / Hidrileictreachas (H) / CTÉ (C) / Ceallra (C) / Eile (E) | | | |
| Déantúsóir | | | |
| Uimhir Chineáil / Thagartha an Déantóra | | | |
| Tagairt do Chlár na dTeicneolaíochtaí Ísealcharbóin agus an Scéim chun Easpórtáil a Theorannú<br>Tá tuilleadh eolais le fáil ar https://esbnetworks.ie/ga | | | |
| Acmhainneacht Inbhéartóra (kVA)<br>Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhféadfaidh Acmhainneacht Charnach Inbhéartóra dul níos airde ná an MIC nó 200kVA, cibé ceann acu is ísle, agus nach ceadmhach don bhuaic-aschur dul níos airde ná na teorainneacha MEC ná ELS | | | |
| An ghiniúint (kVA) atá suiteáilte taobh thiar de gach inbhéartóir<br>Tá sé seo ag tagairt do mhéid an eagair FV ag nascadh le gach inbhéartóir | | | |
| An stóráil (kVA) atá suiteáilte taobh thiar de gach inbhéartóir | | | |
| An mbeidh socruithe suiteáilte ar an gcomhéadan de réir mar atá leagtha amach sna coinníollacha lena rialaítear nascadh agus oibriú na giniúna ar an mionchóir in DOC-310522-HLU? | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ |
| An bhfuil sruthanna armónacha curtha ar fáil de réir mar atá ar an deimhniú tástála cineáil i gcomhréir leis na Coinníollacha lena Rialaítear Nascadh agus Oibriú na Giniúna ar an Mionchóir in DOC-310522-HLU | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ | Tá ☐ Níl ☐ |

## 7. Síniú an iarratasóra / Síniú an tsínitheora údaraithe

**Sínithe:** ______________________

**Ainm Iomlán (BLOCLITREACHA):** ______________________

**Post:** ______________________ **Dáta:** ______________

**Aontaíonn tú go ligfidh tú do ESB Networks CGA an líonra a nascadh le do chuid trealaimh. Admhaíonn tú go bhfuil sé de cheart againn custaiméirí eile a nascadh leis an líonra.**

**D'fhéadfadh sé go mbeadh fianaise ag teastáil uainn go bhfuil sé d'údarás agat an fhoirm seo a shíniú. Más tríú páirtí thú atá a dhéanamh an iarratais seo, iarrtar ort litir údaraithe ó shealbhóir cláraithe an chuntais a chur isteach ann chomh maith.**

## 8. Cosaint sonraí

Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí pearsanta a úsáid a mhéad is gá (a) chun do chomhaontú naisc a bhunú agus a bhainistiú (b) chun a cheadúnas agus oibleagáidí dlíthiúla eile atá air a chomhlíonadh; agus/nó (c) ar mhaithe lena leasanna dlisteanacha (ar choinníoll nach mbeidh na leasanna sin ag teacht salach ar do chearta agus saoirsí bunúsacha). Féadfar na sonraí pearsanta atá tugtha agat san fhoirm iarratais seo a nochtadh le páirtithe eile sna cásanna seo a leanas:

- Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh ag ESB Networks CGA, féadfaidh sé seirbhísí conraitheoirí nó soláthróirí eile a úsáid. Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí a nochtadh leis na páirtithe sin a mhéad is gá chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus ar chuntar nach ceadmhach dóibh do chuid sonraí a úsáid ach amháin de réir na dtreoracha a thabharfaidh ESB Networks CGA dóibh. Éilítear orthu do chuid sonraí a choinneáil slán sábháilte, leis.
- Féadfaidh ESB Networks CGA a nochtadh le cuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais agus le páirtithe eile a bhfuil baint acu le do sholáthar leictreachais gurb ann do do nasc, chomh maith le suíomh agus/nó gnéithe teicniúla an naisc sin. I gcás naisc nua, cuirfidh ESB Networks CGA d'uimhir theagmhála fóin ar fáil do chuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais d'fhonn fuinnmhiú an naisc an éascú.
- Féadfaidh sé go n-éileofar ar ESB Networks CGA leis an dlí, nó lenár ndualgais cheadúnais, sonraí atá i seilbh ESB Networks CGA fútsa, faoi do sholáthar leictreachais nó faoi do nasc a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí nó ranna rialtais, don Choimisiún um Rialáil Fóntais nó do thríú páirtithe eile.
- Féadfaidh sé go dtabharfar sonraí teagmhála do chuideachta ghairmiúil taighde margaidh chun críche taighde a dhéanamh ar cé chomh sásta is atá tú leis na seirbhísí arna gcur ar fáil ag ESB Networks CGA. Féadfar an t-eolas sin a úsáid chomh maith leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin a fheabhsú.

## 9. An ndearna tú na nithe seo a leanas?

☐ An uimhir thagartha mhéadarphointe (UTM) a chur isteach

☐ Blocléaráid / léaráid aonlíneach ina dtaispeántar na socruithe nasctha don Ghiniúint agus Stóráil atá ceangailte de gach inbhéartóir agus an tslí a bhfuil na hinbhéartóirí seo ceangailte den líonra dáileacháin, mar aon le suíomh aon athsheachadáin eile éilítear sna Coinníollacha chun Ceangal agus Feidhmiú na Giniúna ar an Mionchóir a Rialú, DOC-310522-HLU, agus i bhfoinsí tagartha gaolmhara eile

☐ Cuir i gceangal Deimhnithe Tástála Cineáil[4] maidir le gach Gineadóir ar an Mionchóir
Tabhair faoi deara: níl seo riachtanach má tá tagairt ó Chlár na dTeicneolaíochtaí Ísealcharbóin curtha ar fáil maidir leis an Inbhéartóir

☐ Nuair is cuí, cuir i gceangal Sonraí Teicniúla ELS agus Dearbhú ELS an Mhonaróra maidir leis an Táirge do ESB Networks, de réir mar atá leagtha amach in DOC-250221-GBT. Tá ELS ag teastáil maidir le gach Gineadóir Comhthreomhar gan Easpórtáil

☐ Litir Údaráis a chur isteach má tá an t-iarratas á dhéanamh thar ceann an iarratasóra

Seol an fhoirm chomhlánaithe, mar aon le haon doiciméid eile mar atá leagtha amach sna caighdeáin um Ghiniúint ar an Mionchóir agus ELS, chuig ceann acu seo:

**dsosmallscalegeneration@esb.ie** nó **ESB Networks CGA, Giniúint ar an Mionchóir NC8 (Inbhéartóir nasctha), Naisc Nua, Bóthar an tSáirséalaigh, Wilton, Corcaigh, T12 E367**

**Seolfar ar ais aon iarratais nach bhfuil iomlán comhlánaithe.**

4 Sonrófar na sruthanna armónacha in aimpéir suas go dtí an 40ú harmónach ar an Deimhniú Tástála Cineáil nó sna doiciméid ón monaróir.

# NÁ DÉAN DEARMAD!

NÁ TÓG FAOI SHREANGA LEICTREACHAIS NÁ GAR DÓIBH

## BÍ SÁBHÁILTE: FAN GLAN AR SHREANGA LEICTREACHAIS

**ESB NETWORKS CGA**

**ESB Networks CGA**

Three Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3. D03 R583.

Stiúrthóirí: Marguerite Sayers (Cathaoirleach), Nicholas Tarrant, Caroline Spillane, Ian Talbot, Michael Nolan.

Cláraithe in Éirinn, Uimhir Chláraithe 465172